
# FÓRAM AN TIONSCNAIMH EORPAIGH Ó NA SAORÁNAIGH

# STOP VIVISECTION (CUIR STAD LEIS AN mBEODHIOSCADH)




**FOGHLAIM** – PLÉIGH – NASCADH - COMHAIRLE A LORG

# CLÁR ÁBHAIR

STOP VIVISECTION (CUIR STAD LEIS AN mBEODHIOSCADH) 3

An feachtas 'Stop Vivisection' 4

Tionchar an Fheachtais 'Stop Vivisection' 6




# 1
# STOP VIVISECTION (CUIR STAD LEIS AN mBEODHIOSCADH)

Cláraíodh an tionscnamh 'Stop Vivisection' an 22 Meitheamh 2012. Is é a bhí mar sprioc aige creat reachtach Eorpach a mholadh arb aidhm dó deireadh a chur de réir a chéile le turgnaimh ar ainmhithe.

Bhí dhá chuspóir ag an tionscnamh:

- Treoir 2010/63/AE an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíochta a chur ar neamhní.
- togra nua a thíolacadh a dhéanfadh éigeantach úsáid sonraí atá ábhartha go díreach don speiceas daonna.

**Foinsí maoinithe (EUR)**




Bhí an Coimisiún Eorpach den tuairim chéanna leis na heagraithe gur cheart deireadh céimnithe a chur le tástáil ar ainmhithe, ach níor ghlac sé leis go bhfuil an 'múnla ainmhí' neamhbhailí de réir phrionsabail eolaíocha.. Is é dearcadh an Choimisiúin nach gcuireann tástáil ar ainmhithe bac ar mhodhanna taighde eile a fhorbairt. Dá bhrí sin, níor aisghair an Coimisiún Treoir 2010/63/AE, ós rud é go ndéantar foráil sa treoir sin cheana féin maidir leis an ionadú iomlán, arb é an sprioc dheiridh é.

Leagadh fasach tábhachtach síos leis an tionscnamh seo sa mhéid gur iarradh den chéad uair ar shaineolaithe seachtracha cromadh ar labhairt le linn na héisteachta poiblí i bParlaimint na hEorpa in éineacht le heagraithe 'Stop Vivisection'.

## Tosca a chuir leis an rath

- Líonraí fairsinge oibrithe deonacha
- An-fheachtas cumarsáide
- Na meáin shóisialta a úsáid ar mhórscála

# 2
# An feachtas ‘Stop Vivisection’

## Ullmhú

Thacaigh comhghuaillíocht uile-AE leis an bhfeachtas ‘Stop Vivisection’ a raibh breis agus 250 grúpa cosanta ainmhithe, eagraíochtaí eolaíochta agus cuideachtaí a dhíolann táirgí nach bhfuil cruálach ar ainmhithe mar chuid di.

Bhí ríthábhacht le líonra láidir oibrithe deonacha, a neartaíodh sular seoladh an tionscnamh agus a treisíodh le linn an fheachtais, chun 1 mhilliún síniú a bhailiú. Tá na hoibrithe deonacha sin ullamh chun tionscadail chomhchosúla eile a dhéanamh amach anseo a bhuí leis na teagmhálacha nua a rinneadh agus leis an taithí chumasaithe a fuarthas le linn an fheachtais.

Léiríodh leis an bhfeachtas an tábhacht a bhaineann le pleanáil a dhéanamh le haghaidh tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh i bhfad roimh ré.

## Cur chun feidhme

Bhain eagraithe an tionscnaimh úsáid as na meáin shóisialta go príomha chun aird an phobail a spreagadh. Bhain siad tairbhe freisin áfach as na meáin thraidisiúnta. Fuair siad tacaíocht nach beag ó feachtas teilifíse san Iodáil, é urraithe ó fhoinsí príobháideacha.

## Bailiú sínithe

Leanadh de straitéis iarmhartach le linn an fheachtais, rud a bhí lárnach chun ráitis tacaíochta a bhailiú. Chothaigh na heagraithe líonraí láidre i dtír amháin, bhailigh siad oiread sínithe agus ab fhéidir inti agus ansin bhain siad úsáid aisti sin chun tionchar a imirt ar an gcéad tír eile. Go deimhin, a luaithe a bhí mais chriticiúil tacaíochta cruthaithe i dtús báire, díríodh an feachtas ar bhealach comhordaithe ar an gcéad tír eile.




Gné ábhartha eile den fheachtas ab ea an tacaíocht ó eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta. An-seans nach mbeadh an rath céanna ar an bhfeachtas dá mbeidís tar éis díriú ar an Eoraip ina hiomláine. Mhínigh na heagraithe gur bhraith siad ar thacaíocht ó mhuintir na háite.

Bhí dúshláin ar leith ag baint le maoiniú teoranta an tionscnaimh i ndáil leis an gcóras bailithe ar líne a chur ar bun. Mar sin féin, mar fhreagairt ar na deacrachtaí sin a bhí ag na heagraithe le linn na céime tosaigh den Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, sa bhreis ar na hoibleagáidí a bhí ar an gCoimisiún faoin Rialachán, rinne sé na córais bailithe ar líne de chuid n-eagraithe a óstáil, thug sé cúnamh teicniúil agus chuir sé oiliúint ar fáil. Chomh maith leis sin, ghlac an Coimisiún go heisceachtúil le ráitis tacaíochta a bailíodh go dtí an 1 Samhain 2013 (tar éis na tréimhse oifigiúla 12 mhí) le haghaidh gach tionscnaimh a cláraíodh roimh an 31 Deireadh Fómhair 2012.

Ba ar líne a bailíodh beagán faoi bhun 60% de na sínithe, agus breis agus 40% díobh ar pháipéar.

**Líon na ráiteas tacaíochta**
(i gcló trom, tíortha inár sroicheadh an tairseach)




## Fíorú agus tíolacadh

Tíolacadh an tionscnamh an 3 Márta 2015 mar aon le deimhnithe chun bailíocht 1,173,130 ráiteas tacaíochta a dhearbhú.

# 3 Tionchar an Fheachtais 'Stop Vivisection'

## Scrúdú agus cinneadh ón gCoimisiún

Reáchtáladh an cruinniú leis an gCoimisiún an 11 Bealtaine 2015. Bhuail na heagraithe le Leas-Uachtarán an Choimisiúin Jyrki Katainen agus leis an Ard-Stiúrthóir Comhshaoil. Thíolaic na heagraithe a dtionscnamh le linn éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa an lá céanna.

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Meitheamh 2015 (féach an phreaseisiúint), gheall an Coimisiún sraith bearta leantacha a dhéanamh:

- Dlús a chur leis an dul chun cinn maidir leis na trí R (Replacement, Reduction and Refinement – ionadú, laghdú agus feabhsú) trí eolas a chomhroinnt;
- Tacú le cineálacha cur chuige nua eile a fhorbairt, a bhailíochtú agus a chur chun feidhme;
- Comhlíonadh «prionsabal na dtrí R» a fhorfheidhmiú agus reachtaíocht earnála ábhartha a ailíniú;
- Dul i mbun plé leis an bpobal eolaíochta.

Maidir leis an bpointe deireanach, d'eagraigh an Coimisiún comhdháil eolaíochta sa Bhruiséil an 6-7 Nollaig 2016 chun plé a dhéanamh faoi roghanna eile ar thástáil ainmhithe. San am céanna, thug an Coimisiún tuairisc ar an dul chun cinn a rinneadh i dtaca leis na bearta leantacha (féach an tuarascáil).

Tá breis faisnéise faoi na bearta leantacha le fáil ar shuíomh gréasáin an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh.

Dar leis na heagraithe, ní raibh freagairt an Choimisiúin ar an tionscnamh ar an leibhéal is a rabhthas ag súil leis.



## Obair Leantach

Na cainéil eolais a tógadh le linn an fheachtais (e.g. an suíomh gréasáin agus na cainéil ar na meáin shóisialta), chuidigh siad leis na heagraithe freisin torthaí an fheachtais a roinnt tar éis dóibh an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a chur chun feidhme.

Na hiarrachtaí a rinneadh chun stad a chur leis an mbeodhioscadh, níor tháinig deireadh leo nuair a tháinig deireadh leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh. Le fírinne, cuid de na heagraíochtaí, oibríonn siad i dteannta a chéile fós ar cheisteanna a bhaineann le turgnaimh ar ainmhithe. Na líonraí agus na sineirgí a cruthaíodh nuair a bhí an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh á chur chun feidhme, ní thagann deireadh leo tar éis an fheachtais, ach cuireann siad an fhéidearthacht ar fáil dlús a chur leis na gníomhaíochtaí i bhfad ina dhiaidh.

## Na ceachtanna a foghlaimíodh

- De réir na n-eagraithe, cuireadh le scileanna sibhialta agus le naisc thrasnáisiúnta na n-oibrithe deonacha de bharr an tionscnaimh agus neartaíodh féiniúlacht Eorpach gach duine a bhí páirteach ann. Measadh go raibh an-tábhacht ag baint leis an ról a bhí ag na daoine a d'fhorbair na scileanna sin i dtaca leis an bhfeachtas.
- D'ainneoin deacrachtaí leis an gcóras bailithe ar líne, mheas siad go raibh an bailiú ráiteas tacaíochta ar líne thar a bheith tábhachtach le go mbeadh rath ar an tionscnamh 1 mhilliún síniú a bhailiú.
- De réir na n-eagraithe, bíonn conclúid loighciúil amháin ar thionscnamh rathúil: athrú ar an reachtaíocht. Fiú mura dtarlaíonn sin i gcónaí, is cleachtadh feasachta poiblí é tionscnamh dea-eagraithe Eorpach do na saoránaigh, rud a chuirfidh le hathrú polaitiúil.
- Gné ríthábhachtach den fheachtas ab ea an feachtas teilifíse a urraíodh go príobháideach. Dar leis na heagraithe, ní bheadh an milliún síniú a theastaigh uathu murach an feachtas teilifíse sin.

## Noda agus leideanna i gcomhair eagraithe amach anseo

- Tá oibrithe deonacha ar an acmhainn is tábhachtaí agus is cumhachtaí dá bhfuil ann... téigh ina muinín!
- Bain úsáid as uirlisí cumarsáide ar líne agus as na meáin shóisialta i d'fheachtas.
- Tabhair an t-eolas is deireanaí go rialta do na hoibrithe deonacha maidir le bailiú sínithe chun misneach a thabhairt dóibh agus iad a spreagadh.
- Téigh i muinín teagmhálacha pearsanta agus líonraí na bpáirtithe: tá ríthábhacht leo le go mbeidh rath ar thionscnamh.
- Dírigh ar thíortha ina bhfuil páirtithe láidre agat chun tairseacha náisiúnta a bhaint amach.

